C/2025/6054

12.11.2025

Foilsiú iarratais ar chealú de bhun Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 [1] **i gcomhar le hAirteagal 25(4) den Rialachán céanna sin**

(C/2025/6054)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír, nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [2].

IARRAIDH AR CHEALÚ TÁISC GEOGRAFAIGH

(Airteagal 25(2) de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Ambt Delden’

PDO-NL-02169-CANCEL — 22.10.2024

1. **An t-ainm cláraithe atá beartaithe lena chealú**

   ‘Ambt Delden’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

   ☒ ATFC

   ☐ TGFC

   ☐ TG

3. **Earnáil**

   ☐ Táirgí talmhaíochta

   ☒ Fíonta

   ☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Ainm an Bhallstáit nó an tríú tír, óna dtagann an tásc geografach**

   An Ísiltír

5. **Ainm an Bhallstáit nó údarás an tríú tír a bhfuil an iarraidh ar chealú á cur faoi bhráid an Choimisiúin aige nó an léiriú go bhfuil an iarraidh ar chealú an chláraithe á cur faoi bhráid an Choimisiúin go díreach ag táirgeoirí tríú tír an táirge a mhargaítear faoin ainm cláraithe agus ainm an ghníomhaire ar thug na táirgeoirí sainordú dó an iarraidh a sheoladh (níl feidhm ag an oibleagáid sainordú a thabhairt do ghníomhaire i gcás táirgeoir aonair)**

   An Ísiltír

6. **I gcás iarraidh ó Bhallstát, sonraigh cé acu táirgeoirí an táirge a mhargaítear faoin ainm cláraithe nó grúpa táirgeoirí aitheanta an táirge sin a rinne an iarraidh ar chealú ag an gcéim náisiúnta den nós imeachta. Sa chás sin, cuir isteach ainm an ghrúpa táirgeoirí aitheanta**

   ☒ Is iad na táirgeoirí a rinne an iarraidh

   ☐ Is é an grúpa táirgeoirí aitheanta: … a rinne an iarraidh

[1] IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj.

[2] Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11.4.2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

7. **Aicmiú an táirge i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

8. **Cineál an chealaithe**

An 8 Iúil 2024, cuireadh an t-ainm 'Twente' (ATFC) isteach i gclár an Aontais um thásca geografacha. Áiríodh limistéar geografach an ainm 'Ambt Delden' (ATFC) i limistéar geografach an ainm sin freisin. Ar an gcaoi sin, tá limistéar geografach 'Ambt Delden' (ATFC) ina chuid de limistéar geografach 'Twente' (ATFC) anois. Dá bhrí sin, tá an t-ainm 'Ambt Delden' (ATFC) iomarcach mar gheall ar an limistéar geografach dúblach a cruthaíodh, rud a d'fhág go ndearna táirgeoir iarraidh clárú an ainm sin a chur ar ceal. I gcomhréir le hAirteagal 25(2) de Rialachán (AE) 2024/1143, tá iarraidh ar chlárú 'Ambt Delden' (ATFC) a chur ar ceal á chur isteach.

Iarraidh ar chealú shínithe agus dhátaithe.